



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Cúntóir Eagarthóireachta Taighde

Post ar conradh – suas le 39 mí ó thús mhí Dheireadh Fómhair 2018

Tá cúntóir eagarthóireachta taighde ar conradh á earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), dúchas.ie agus gaois.ie. Beidh an cúntóir eagarthóireachta taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Riachtanais:

Bunchéim onóracha sa Ghaeilge (2.1), cáilíocht iarchéime i réimse ábhartha agus/nó taithí chuí i réimse na Gaeilge scríofa i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde. Ní mór d'iarrthóirí bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus a léiriú go bhfuil siad in ann obair shlachtmhar a dhéanamh agus spriocanna a chomhlíonadh.

Tá bunscileanna ríomhaireachta agus ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tuarastal ar an scála*:

€28,423–€29,248–€30,092–€30,941–€31,817–€32,404

* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:

An Dr Gearóid Ó Cleircín (01-700 5789); gearoid.ocleircin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, an 17 Lúnasa, faoi 17.00

Táthar ag súil go reáchtálfar agallaimh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Lúnasa/tús mhí Mheán Fómhair.

[Luaigh go soiléir san iarratas agus i líne ábhair an r-phoist teideal an phoist a bhfuil tú ag cur isteach air: #955 Cúntóir Eagarthóireachta Taighde](#)

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: hr.applications@dcu.ie

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail thuas á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.